Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**16181/24**

**RECH 521**
**AGRI 835**
**COMPET 1159**
**COWEB 191**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Samhain 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15304/24 + COR 1 |
| Ábhar: | Tionscnamh féideartha T&F uile-Eorpach maidir le bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus imscaradh an bhithgheilleagair a chur chun cinn, chun leas a bhaint as acmhainneacht Lár agus Oirthear na hEorpa<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 29 Samhain 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil le *Tionscnamh féideartha T&F uile-Eorpach maidir le bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus imscaradh an bhithgheilleagair a chur chun cinn, chun leas a bhaint as acmhainneacht Lár agus Oirthear na hEorpa*, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4063ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 29 Samhain 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TIONSCNAMH FÉIDEARTHA T&F UILE-EORPACH MAIDIR LE BAINISTÍOCHT INBHUANAITHE NA n-ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA, SLÁNDÁIL NA gCÓRAS BIA AGUS IMSCARADH AN BHITHGHEILLEAGAIR A CHUR CHUN CINN, CHUN LEAS A BHAINT AS ACMHAINNEACHT LÁR AGUS OIRTHEAR NA hEORPA**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI

– na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 agus 24 Meitheamh 2022[1], ina n-aithnítear peirspictíocht Eorpach na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia, agus a tiomantas iomlán aonchiallach do pheirspictíocht na mBalcán Thiar maidir le ballraíocht san Aontas á chur in iúl aici ag an am céanna;

– na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 26 agus an 27 Deireadh Fómhair 2023[2] maidir le hiomaíochas an Aontais, ina gcuirtear i dtábhacht di go bhfuil bonn láidir eacnamaíoch de dhíth ar an Aontas chun a iomaíochas fadtéarmach a áirithiú mar aon leis an gcothrom iomaíochta, go hinmheánach agus ar fud an domhain araon;

– na conclúidí uaithi an 29 Samhain 2019[3] maidir leis an Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe '*A sustainable Bioeconomy for Europe: strenghtening the connection between economy, society and the environment'* [Bithgheilleagar Inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú], ina n-aithnítear ról BIOEAST i gcur chun feidhme Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais;

– an Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2021[4] maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip atá nasctha leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal'*A New ERA for Research and Innovation*' [LET nua don Taighde agus don Nuálaíocht];

---

1 EUCO 24/22.
2 EUCO 14/23.
3 14594/19.
4 13701/21.

– na conclúidí uaithi an 25 Aibreán 2023[5] maidir le deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe, lena spreagtar an Coimisiún agus na Ballstáit an comhar a neartú faoi BIOEAST;

– na conclúidí uaithi an 24 Bealtaine 2024[6] maidir le tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach, lena moltar don Choimisiún an bhiteicneolaíocht agus an geilleagar bithbhunaithe a aithint mar chuid bhunúsach de bheartas tionsclaíoch an Aontais agus comhordú a áirithiú chun comhleanúnachas beartais a fheabhsú;

– na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus na doiciméid a ghabhann leo maidir leis ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’[7]; ‘Plean nua gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche’[8]; ‘Tuarascáil dul chun cinn 2023 maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide’[9]; ‘Ár dtodhchaí a chinntiú: sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil’[10]; agus ‘Úsáid an dúlra chun ullmhú don todhchaí: Borradh a chur faoin mBiteicneolaíocht agus faoin mBithmhonaraíocht san Aontas Eorpach’[11], ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá an bithgheilleagar chun tacú leis an aistriú glas agus le hiomaíochas na hEorpa,

---

5 8406/23.
6 10127/24.
7 COM(2019) 640 final.
8 COM(2020) 98 final.
9 COM(2023) 653 final.
10 COM(2024) 63 final.
11 COM(2024) 137 final.

1. AITHNÍONN SÍ go bhfuil baint amach spriocanna meántéarmacha agus fadtéarmacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip do 2030 agus 2050 ag brath freisin ar tháirgeadh inbhuanaithe agus úsáid inbhuanaithe bithmhaise, lena n-áirítear bithdhramhaíl. CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir gur féidir leis an mbithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach cabhrú le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa freisin. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fhaisnéis faoin nuashonrú atá beartaithe ar Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais faoi dheireadh 2025, ar cheart breithniú ar na dúshláin shochaíocha, dhéimeagrafacha, eacnamaíocha agus chomhshaoil atá ann faoi láthair, ar ghné thionsclaíoch an bhithgheilleagair agus ar na naisc atá aige leis an mbiteicneolaíocht agus leis an mbithmhonaraíocht chun rannchuidiú le geilleagar níos láidre san Aontas. Ag an am céanna, ba cheart dó prionsabal an réamhchúraim a chur san áireamh freisin agus tús áite a thabhairt do leasanna na dtomhaltóirí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE castacht mhéadaitheach na ndúshlán, a dtugtar aghaidh orthu leis na straitéisí thuasluaite, a théann thar theorainneacha na mBallstát agus a bhainfeadh tairbhe as comhar trasnáisiúnta níos leithne le tríú tíortha a bhfuil luachanna agus prionsabail an Aontais acu.

2. AITHNÍONN SÍ na díospóireachtaí leanúnacha maidir le hinbhuanaitheacht agus iomaíochas, go háirithe maidir le hacmhainní nádúrtha atá fíor-riachtanach ach atá leochaileach mar shampla ithir, fionnuisce agus seirbhísí éiceachórais, chomh maith leis an ríthábhacht a bhaineann le slándáil chórais bhia na hEorpa agus an fhéidearthacht atá ann go cuirfear forbairt shocheacnamaíoch agus inbhuanaithe chun cinn san Eoraip leis an nuálaíocht agus na réitigh bhithbhunaithe agus an bhithmhonaraíocht.

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar an obair a rinneadh maidir leis sin i gComhpháirtíochtaí Eorpacha leanúnacha, lena n-áirítear iad siúd i mBraisle 6 den Chlár Fís Eorpach, ach gan a bheith teoranta dóibh, mar shampla an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (Comhghnóthas CBE), a bhfuil straitéis agus plean gníomhaíochta fairsingithe curtha i bhfeidhm aige, arb é is aidhm dóibh páirtithe leasmhara agus tairbhithe atá faoi ghannionadaíocht a spreagadh, chomh maith leis an sampla dearfach den Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) mar ionstraim le haghaidh comhar feabhsaithe le tíortha comharsanachta an Aontais. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sineirgí idir comhlántachtaí a bhfuil misin acu, go háirithe misin an Aontais ‘Ár nAigéin agus ár nUiscí a Athbhunú’ agus ‘Comhaontú um Ithir don Eoraip’.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go léirítear le treochtaí an Scórchláir Eorpaigh Nuálaíochta go bhfuil Ballstáit Lár agus Oirthear na hEorpa i measc na nuálaithe atá ag teacht chun cinn agus na nuálaithe measartha den chuid is mó agus go bhfuil a rannpháirtíocht i gcreatchláir measartha fós. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hinfheistíochtaí a mhéadú ar an leibhéal náisiúnta agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun rannpháirtíocht a leathnú, chun tacú le malartú agus luachshocrú a dhéanamh ar eolaíocht den scoth agus nuálaíochtaí bithbhunaithe ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET).

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá forbairt inbhuanaithe na slabhraí soláthair agus na samhlacha gnó a chur chun cinn, lena n-áirítear le haghaidh táirgí a bhfuil luach níos airde acu agus próiseáil áitiúil ar bhithacmhainní i mBallstáit Lár agus Oirthear na hEorpa trí pháirtithe leasmhara a thabhairt isteach ar bhealach cuimsitheach ón mbun aníos sa taighde, sa nuálaíocht, agus i gcur in úsáid réiteach inbhuanaithe chun aistriú na hEorpa i dtreo todhchaí chiorclach inbhuanaithe a éascú.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE ról BIOEAST maidir le tacú leis an aistriú glas agus cóir Eorpach agus an dul chun cinn atá déanta leis le blianta beaga anuas mar ardán ag a bhfuil sásra, struchtúr agus acmhainní comhordúcháin bunaithe chun tosaíochtaí coiteanna straitéiseacha taighde agus nuálaíochta (T&N) a shainaithint i réimsí na hagra-éiceolaíochta, na hathléimneachta fionnuisce, shlándáil na gcóras bia, agus an bhithgheilleagair chiorclaigh agus inbhuanaithe. LEAGANN SÍ BÉIM ar an bhféidearthacht beartais agus rialacháin a bhaineann leis an mbithgheilleagar a ailíniú ar leibhéal an Aontais, go háirithe i ndáil le timpeallacht fhabhrach a chruthú don infheistíocht, don taighde, don nuálaíocht agus don fhorbairt inbhuanaithe san earnáil.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE tiomantas na n-Airí atá freagrach as an Talamhaíocht agus Taighde den 11 Bhallstát atá rannpháirteach in BIOEAST mar a cuireadh in iúl i nDearbhú Comhpháirteach 2019[12], ina leagtar amach conair BIOEAST amach anseo, chomh maith leis an ngealltanas athdhearbhaithe i bhfoirm an Dearbhaithe a shínigh na hAirí atá freagrach as Talmhaíocht agus Taighde in 10 mBallstát i mí Iúil 2024 chun comhpháirtíocht a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc idir acmhainní nádúrtha inbhuanaithe, na córais bhia, agus cur chun cinn an bhithgheilleagair i Lár agus Oirthear na hEorpa.

[12] 9235/19.

8. AITHNÍONN SÍ an gá atá le borradh a chur faoi chomhar oscailte cuimsitheach sa bhithgheilleagar a bhaineann le T&N i measc Bhallstáit uile an Aontais, agus comhar oscailte á chothú ag an am céanna leis na mBalcán Thiar agus le tíortha is iarrthóirí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra le haghaidh dearbhú BIOEAST a shínigh 10 mBallstát maidir le tionscnamh féideartha T&N uile-Eorpach a chur ar bun maidir le timthriallta carbóin, uisce, cothú agus fuinnimh, i gcomhthéacs bhainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus chur chun cinn an bhithgheilleagair, agus leas á bhaint as acmhainneacht Bhallstáit Lár agus Oirthear na hEorpa, na mBalcán Thiar agus na dtíortha is iarrthóirí, ós rud é go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar riachtanais áitiúla leis sin trí thorthaí an taighde den scoth agus réitigh nuálacha a ghlacadh agus a oiriúnú. Áitíonn sínitheoirí BIOEAST go bhféadfadh an tionscnamh féideartha sin iomaíochas na hEorpa a mhéadú a thuilleadh i réimse an bhithgheilleagair, lena n-áirítear an bhithmhonaraíocht agus an bhiteicneolaíocht, agus ag rannchuidiú le hacmhainní nádúrtha a chosaint agus a úsáid ar bhealach éifeachtúil, agus rochtain a fháil ar chistí príobháideacha agus poiblí chun borradh a chur faoi réitigh bhithbhunaithe nuálacha.

9. AITHNÍONN SÍ an gá atá le plé níos doimhne a dhéanamh leis na Ballstáit ar fad agus leis an gCoimisiún Eorpach maidir le ról T&N agus leas a bhaint as acmhainneacht bhithgheilleagair Bhallstáit Lár agus Oirthear na hEorpa, na mBalcan Thiar agus na dtíortha is iarrthóirí i gcomhthéacs uathriail straitéiseach na hEorpa. D'fhéadfadh an tionscnamh nua féideartha T&N cabhrú leis an bhfaisnéis is tábhachtaí agus fios gnó a chur ar fáil, taidhleoireacht eolaíochta a fheabhsú trí luachanna Eorpacha a chur chun cinn agus a chosaint, cuir i gcás eitic taighde, sláine, agus comhionannas inscne, chomh maith le caidrimh, cobhsaíocht, rathúnas agus aistriú inbhuanaithe na mBalcán Thiar agus na dtíortha is iarrthóirí a chothú agus aghaidh a thabhairt ar imirce daoine oilte. Trí úsáid níos fearr a bhaint as sineirgí agus rannpháirtíocht mhéadaithe, ba cheart go dtabharfaí breisluach d'éiceachóras T&N na hEorpa, rannchuidiú le slándáil chórais bhia an Aontais trí aird ar leith a thabhairt ar shábháilteacht, barántúlacht agus cáilíocht na dtáirgí bia agus luachshocrú dramhaíola, chomh maith le cuidiú le leas a bhaint as acmhainneacht na bithmhaise tearcúsáidte san Aontas, agus sna Balcáin Thiar agus i dtíortha is iarrthóirí, ar a mbeidh iarmhairtí dearfacha acu ar fud an mhargaidh aonair, agus chun iomaíochas na hEorpa a mhéadú.

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar an mbreisluach a bhaineann le tionscnaimh T&N thrasnáisiúnta maidir le réitigh nua a chur ar fáil don aistriú glas agus don aistriú digiteach, do dhúshláin sláinte agus shochaíocha, agus AITHNÍONN SÍ an géarghá atá le tionscadail de dhearadh inbhuanaithe ardcháilíochta a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hardleibhéal trédhearcachta agus caighdeán. D'fhéadfadh tuilleadh comhair straitéisigh a bheith mar thoradh ar an tionscnamh nua féideartha uile-Eorpach sin agus ba cheart cuspóirí soiléire a shainiú leis chun forluí a sheachaint idir gníomhaíochtaí T&N atá ann cheana agus gníomhaíochtaí T&N nua ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun dúbláil an chistithe a sheachaint, agus chun athléimneacht níos fearr a áirithiú agus aghaidh á thabhairt ar ghéarchéimeanna.

11. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus lánurraim á tabhairt aici dá cheart tionscnaimh, anailís ar bhearnaí a dhéanamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme chun measúnú a dhéanamh, i gcomhairle le saineolaithe, ar an ngá atá le tionscnamh nua féideartha T&N uile-Eorpach a sheoladh, ar a indéanta a bheadh sé sin, agus ar an tionchar a bheadh aige, agus na roghanna féideartha uile á gcur san áireamh, maidir le bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus cur chun cinn an bhithgheilleagair, agus leas á bhaint as acmhainneacht Bhallstáit Lár agus Oirthear na hEorpa, na mBalcán Thiar agus na dtíortha is iarrthóirí. Faoi réir thoradh na hanailíse sin, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar threochlár straitéiseach a ullmhú, i gcomhairle leis na Ballstáit, chun a áirithiú gur féidir acmhainní nádúrtha na mBallstát, arna bhforlíonadh ag an na Balcáin Thiar agus ag tíortha is iarrthóirí, a athshuí agus luach a chur orthu bunaithe ar an eolaíocht den scoth agus ar an teicneolaíocht nuálach is fearr atá ar fáil agus is inmhianaithe ar fud an Aontais.